Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2023
(OR. en)

16551/23
ADD 4

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0441(CNS)**

COCON 51
VISA 243
FREMP 366
FRONT 404

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 942 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle<br>lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 942 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 942 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2023
SWD(2023) 942 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE**

{COM(2023) 930 final} - {SEC(2023) 930 final} - {SWD(2023) 940 final} - {SWD(2023) 941 final}

## 1. AN GÁ ATÁ LE GNÍOMHAÍOCHT

### 1.1 Cén fhadhb atá ann, cad is bun léi agus cén hiarmhairtí a bhaineann léi?

Tá saoránaigh den Aontas i dteideal cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit eile faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Leagtar amach an ceart sin in Airteagail 20(2)(c) agus 23 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 46 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bearta comhordaithe agus comhair is gá chun feidhmiú an chirt sin a éascú, leagtar síos iad i dTreoir (AE) 2015/637 ón gComhairle[1].

Ó lá go lá, soláthraítear cosaint chonsalach do líon teoranta saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu agus a bhfuil cúnamh de dhíth orthu ar an gcoigríoch. Is dócha, áfach, gur minice a thabharfar an chosaint chonsalach amach anseo do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu mar is dócha go mbeidh minicíocht, tromchúis agus fad géarchéimeanna a bhfuil gné chonsalach acu ag dul i méid. Le blianta beaga anuas, ba ghá cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas i ngeall ar roinnt teagmhas mórscála, is iad sin go háirithe: paindéim COVID-19; an choinbhleacht san Afganastáin; Cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; agus, níos déanaí, an choinbhleacht sa tSúdáin agus na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza.

Léirigh na géarchéimeanna sin gur gá na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) feabhas a chur ar an gcreat cosanta consalaí; agus (ii) comhordú agus comhar idir na Ballstáit a neartú. Léirigh siad freisin go bhfuil bearnaí sna rialacha atá ann cheana a d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú agus dochar a dhéanamh do sholáthar éifeachtach cúnaimh chonsalaigh do shaoránaigh den Aontas. Go sonraí, ní léiríonn na rialacha an ról méadaitheach atá ag toscaireachtaí an Aontais chun tacú leis na Ballstáit cúnamh a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. Leis na rialacha atá ann cheana, ní thugtar aghaidh ar fhorbairtí tábhachtacha a rinneadh le déanaí ar chomhar idir na Ballstáit i dtaca le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna.

Ar an mbonn sin, sainaithníodh roinnt dúshlán roimh fheidhmiú éifeachtach an chirt chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas. Áirítear ar na dúshláin sin: (i) sainmhíniú neamhbheacht ar an téarma 'saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige'; (ii) gan róil agus cúraimí a bheith sannta go soiléir i gcruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil; (iii) easpa pleanála teagmhasaí consalaí córasaí; (iv) neamhéifeachtúlacht an choincheapa 'Stát Treorach'[2]; agus (v) éiginnteacht dhlíthiúil a bhaineann le ról thoscaireachtaí an Aontais chun tacú leis na Ballstáit. Ina theannta sin, tá neamhréireachtaí san fhaisnéis maidir le cúnamh consalach a sholáthraítear do shaoránaigh den Aontas agus tá easpa faisnéise iontaofa ann maidir le saoránaigh den Aontas atá ina gcónaí nó ag taisteal ar an gcoigríoch. Ar deireadh, na nósanna imeachta um údaráis chonsalacha a aisíoc as an gcúnamh a sholáthraíonn siad, tá siad casta tearcúsáidte agus ní chumhdaítear toscaireachtaí an Aontais leo.

### 1.2 Cad é ba cheart a bhaint amach?

Is é **cuspóir ginearálta** an tionscnaimh beartais sa réimse sin feabhas a chur ar fheidhmiú an chirt chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. Bhainfí sin amach trí na **cuspóirí sonracha** seo a leanas: (i) deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú do shaoránaigh den Aontas maidir le raon feidhme an chirt chun cosanta consalaí; (ii) róil shoiléire agus sásraí comhordaithe agus

---

1 Treoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus lena n- aisghairtear Cinneadh 95/553/CE (IO L 106, 24.4.2015, lch. 1).

2 Tagraíonn an téarma 'Stát Treorach' do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit ag a bhfuil ionadaíocht i dtríú tír ar leith, agus atá i gceannas ar an gcúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú agus a threorú le linn géarchéimeanna.

comhair idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais a áirithiú, lena n- áirítear tráth géarchéime; (iii) feabhas a chur ar an gcumarsáid le saoránaigh den Aontas agus faisnéis ardcháilíochta a sholáthar dóibh; agus (iv) éifeachtúlacht agus úsáid nósanna imeachta aisíocaíochta airgeadais a mhéadú.

## 2. RÉITIGH

### 2.1 Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí sin a bhaint amach?

Leis an measúnú tionchair, rinneadh scrúdú ar roinnt rogha beartais le haghaidh gach cuspóra shonraigh ina bhfuil raon beart féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.

Leis na roghanna faoin gcéad chuspóir, féachtar lena áirithiú go ndéanfar an sainmhíniú ar 'shaoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht aige' a shoiléiriú agus go gcuirfear feabhas air ionas go seachnófar amach anseo, i gcás saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, cúnamh a thabhairt dóibh ar bhonn léirmhíniú nó measúnú mícheart ar an gcás ag na Ballstáit. Go sonrach, féachann an cuspóir sin le haghaidh a thabhairt ar chásanna ina ndéanann ambasáid nó consalacht ionadaíocht i bprionsabal do Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh sa tríú tír lena mbaineann, ach nach bhfuil sé soiléir cé acu ba cheart nó nár cheart a bhreithniú go bhfuil an ambasáid nó an chonsalacht sin 'go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar'. Tá bearta neamhcheangailteacha 'boga' i **rogha beartais 1(a)**, agus moltar athruithe reachtacha le **rogha beartais 1(b)** chun an sainmhíniú a fhaightear sa Treoir a shoiléiriú. Moltar le **rogha beartais 1(c)** go dtabharfaí isteach 'toimhde neamhionadaíochta', ar toimhde nua í.

Faoin roinn i ndáil leis an dara cuspóir sonrach, rinne an measúnú tionchair scrúdú ar roghanna lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna a bhaineann leis na príomhchoincheapa agus na príomhphróisis ar tríothu a idirghníomhaíonn na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais chun cúnamh consalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Maidir le líonraí comhair chonsalaigh áitiúil, is é atá i **rogha beartais 2(a)** bearta 'boga' chun struchtúr níos fearr a thabhairt do na freagrachtaí éagsúla i líonraí den sórt sin, agus beartaítear le **rogha beartais 2(b)** go sannfar ról an chathaoirligh ar chruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil do thoscaireachtaí an Aontais. Is é atá i **rogha beartais 2(c)** leasuithe reachtacha lena ndéantar athbhreithniú ar an gcoincheap 'Stát Treorach' agus cinneadh maidir le sannadh cúraimí soiléire, sna comhphleananna teagmhasacha consalacha mar a thugtar orthu, do na gníomhaithe éagsúla atá páirteach iontu. Beartaítear freisin le rogha beartais 2(c) go n- áireofar ann forálacha maidir le pleananna den sórt sin agus comhfhoirne consalacha mar a thugtar orthu i dTreoir (AE) 2015/637. Is é atá i **rogha beartais 2(d)** leasuithe dlíthiúla chun ról tacaíochta thoscaireachtaí an Aontais a shoiléiriú, go háirithe trí fhorálacha na Treorach a ailíniú le Cinneadh 2010/427/AE[3] ón gComhairle maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS). Ar deireadh, is é atá i **rogha beartais 2(e)** leasuithe dlíthiúla lena ndeonaítear cumhachtaí nua do thoscaireachtaí an Aontais a chuirfeadh ar a gcumas dóibh cosaint chonsalach dhíreach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha nach gcumhdaítear, arna iarraidh sin don saoránach.

Tugann roghanna lena saothraítear an tríú cuspóir sonrach aghaidh ar phríomhspreagthaí na bhfadhbanna a bhaineann le cumarsáid le saoránaigh, is iad sin: (i) fadhbanna maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit agus an tAontas do shaoránaigh; agus (ii) easpa faisnéise maidir le saoránaigh atá ag taisteal nó ina gcónaí ar an gcoigríoch. Maidir leis an gcéad saincheist, beartaítear leasuithe dlíthiúla le **rogha beartais 3(a)** lena ngabhann ceanglais nua maidir le soláthar faisnéise, agus beartaítear le **rogha beartais 3(b)** go mbunófar tairseach AE um chomhairle taistil. Maidir leis

[3] Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

an dara saincheist, moltar le **rogha beartais 3(c)** go ndéanfar feachtas cumarsáide uile- Aontais, agus ceanglaítear le **rogha beartais 3(d)** ar na Ballstáit bearta a chur chun cinn lena gcuirfear ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas údaráis náisiúnta a chur ar an eolas go bhfuil siad ag taisteal nó ina gcónaí ar an gcoigríoch.

Ar deireadh, is é is aidhm do na roghanna faoin gceathrú cuspóir sonrach laghdú a dhéanamh ar chastacht agus neamhéifeachtacht na nósanna imeachta aisíocaíochta airgeadais atá ann cheana (lena n- aisíoctar na húdaráis chonsalacha as cúnamh a sholáthraíonn siad do shaoránaigh de Bhallstát eile) ionas go mbeidh na nósanna imeachta sin níos tapa agus go n- úsáidfear níos minice iad chun leasa saoránach den Aontas agus na mBallstát. Tá bearta 'boga' i **rogha beartais 4(a)** chun an próiseas aisíocaíochta a shoiléiriú agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit, agus beartaítear leasuithe dlíthiúla le **rogha beartais 4(b)** chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta aisíocaíochta agus iad a leathnú chuig toscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas maidir le neodracht costais i gCinneadh 2010/427/AE.

### 2.2 Cad é an meascán roghanna ab fhearr?

Bheadh na leasuithe reachtacha seo a leanas ar Threoir (AE) 2015/637 mar thoradh ar an meascán roghanna ab fhearr:

- **Rogha 1(b):** an sainmhíniú ar an rud is brí le saoránach den Aontas a bheith gan ionadaíocht a shoiléiriú;
- **Rogha 2(b):** cathaoirleacht a bheith ag toscaireachtaí an Aontais ar chruinnithe comhair áitiúil, mar riail;
- **Rogha 2(c):** comhphleananna teagmhasacha consalacha agus comhfhoirne consalacha a fhoirmiúlú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoincheap 'Stát Treorach';
- **Rogha 2(d):** an ról atá ag toscaireachtaí an Aontais a neartú agus tacú leis agus an téacs a ailíniú le Cinneadh 2010/427/AE;
- **Rogha 3(a):** lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar go tráthrialta don Choimisiún agus do SEGS maidir lena líonraí consalacha, a gconsail oinigh agus maidir le socruithe déthaobhacha agus praiticiúla i ndáil le cosaint chonsalach a sholáthar;
- **Rogha 3(d):** lena gceanglaítear ar na Ballstáit bearta a chur chun cinn lena gcuirfear ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas údaráis chonsalacha a chur ar an eolas nó é a chur ar taifead go bhfuil siad i láthair i dtríú tíortha;
- **Rogha 4(b):** lena gceadaítear do na Ballstáit chúnaimh a cheangal ar shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu na costais a aisíoc go díreach agus lena leathnaítear sásraí aisíocaíochta chuig toscaireachtaí an Aontais.

## 3. TIONCHAIR NA ROGHA BEARTAIS AB FHEARR

### 3.1 Tairbhí agus costais na rogha beartais ab fhearr

An ceart chun cosanta consalaí a bheith á fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ag saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, sin an phríomhthairbhe a bheadh ag an rogha beartais ab fhearr. Bhainfí é sin amach trí shainmhínithe agus nósanna imeachta a shoiléiriú, agus

deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú dá réir do shaoránaigh agus do na Ballstáit. Mar thoradh ar ullmhacht agus bearta comhordaithe níos fearr, agus ar chreat dlíthiúil láidir le haghaidh ról thoscaireachtaí an Aontais, beifear in ann saoránaigh den Aontas a chosaint níos fearr, go háirithe i gcásanna géarchéime.

Ar thairbhí eile, d'áireofaí cumarsáid fheabhsaithe le saoránaigh den Aontas, lena n- áirítear trí rochtain éascaithe ar fhaisnéis iontaofa agus taifeadadh méadaithe ar thaisteal agus cónaitheacht saoránach ar an gcoigríoch. Is é atá i gceist freisin leis na bearta ab fhearr: (i) coigiltis bheaga agus éifeachtúlachtaí le haghaidh riaracháin náisiúnta; agus (ii) sábháil ama ag saoránaigh den Aontas agus ualach laghdaithe orthu.

Costais na rogha beartais ab fhearr atá le híoc ag na Ballstáit agus ag an Aontas, tá siad an- teoranta.

### 3.2 Coimhdeacht agus comhlántacht na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh

Tá gné thrasteorann, de réir sainmhínithe, i gceist leis an gcosaint chonsalach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, i bhfianaise gur ceart saoránachta AE atá inti a fheidhmítear trí bhíthin údaráis Ballstát nach Ballstáit náisiúntachta an duine iad. Dá thoradh sin, ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt uirthi go héifeachtach agus iad ag gníomhú ina n- aonar.